

Táillí Séarachais

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi tháillí clárúcháin na ndabhchaí séarachais. Sula bhféachann tú ar an mír, déan na ceisteanna thíos a phlé.

Cad atá ar eolas agat faoin scéal seo cheana?

An bhfuil an ceart ag an rialtas dar leat?

Cén táille eile a fógraíodh le déanaí?

Ceist 2

Anois, gan féachaint go fóill, déan iarracht an Ghaeilge a aimsiú do na míreanna Béarla seo a leanas. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat. Ansin éist leis an mír agus féach an raibh an ceart agaibh.

Minister For Environment:

Registration Fee:

Septic tanks:

Fees:

Reporter:

Planned:

Deadline:

Company:

Citizens:

Household charge:

Standard:

Campaign:

Proposals/Recommendations:

Reverse:

Commotion:

Ceist 3

Anois féach ar an mír don dara huair agus déan iarracht achomre ghairid a scríobh faoin bpíosa, ag baint úsáide as an téarmaíocht i gceist a dó.

Ceist 4 'Má theipeann'. Cloistear é seo go minic sa sliocht.

Cad í an difríocht idir "má" agus "dá" agus cé na rialacha gramadaí a bhaineann leo?

Déan iarracht "má" nó "dá" a úsáid san áit chuí.

1. ____ mbeadh airgead agam, cheannóinn láithreach é.
2. ____ imíonn siad d'uireasa, beidh trioblóid ann cinnte.
3. ____ bhíonn tú ann, abair leis nach mbeidh mise ann.
4. ____ gceannóinn carr, bheinn i bhfiacha.
5. ____ bhí sé ann, níor chuala mise é.

Anois déan iarracht na habairtí thíos a aistriú go Gaeilge:

1. If he comes, call the teacher.
2. If he were to come, I would call the teacher.
3. If Seán is sick, I will go with him.
4. If Seán were to be sick, I would go with him.
5. It will happen if I do not stay.
6. It would happen were I not to stay.

Ceist 5 Luaitear na leaganacha cainte seo a leanas sa sliocht. An féidir iad a mhíniú gan úsáid a bhaint as an mBéarla?

-Leathchéad

-Go mbainfeadh sé an ghaoth as seolta

-Bánú na Tuaithe

-A chur ar a suaimhneas

-Clampar

Ceist 6 Pléigh an rún díospóireachta thíos:

"Tá na táillí seo á n-íoc i Sasana agus i dtíortha eile le fada. Bhí sé thar am acu teacht isteach in Éirinn."

Treoracha

Ceist 1 Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2 Minister For Environment: **Aire Comhshaoil**

Registration Fee: **Táille Chlárúcháin**

Septic tanks: **Dabhcha Séarachais**

Reporter: **Tuairisceoir**

Planned: **Beartaithe**

Deadline: **Spriocdháta**

Company: **Comhlacht**

Citizens: **Saoránaigh**

Standard: **Caighdeán**

Campaign: **Feachtas**

Proposals/Recommendations: **Moltaí**

Reverse: **Cúlú**

Commotion: **Clampar**

Ceist 3 Scríobhfaidh na foghlaimeoirí achoimre den phíosa nuachta ag baint úsáide as na téarmaí nua, más féidir.

Ceist 4

1. **Dá** mbeadh airgead agam, cheannóinn láithreach é.
2. **Má** imíonn siad d'uireasa, beidh trioblóid ann.
3. **Má** bhíonn tú ann abair leis nach mbeidh mise ann.
4. **Dá** gceannóinn carr, bheinn i bhfiacha.
5. **Má** bhí sé ann, níor chuala mise é.

1. Má thagann sé, glaoigh ar an múinteoir.
2. Dá dtiocfadh sé, ghlaofainn ar an múinteoir
3. Má tá Séan tinn, rachaidh mise leis.

4. Dá mbeadh Seán tinn, rachainnse leis.
5. Tarlóidh sé cinnte mura bhfanfaidh mé.
6. Tharlódh sé mura bhfanfainn anseo libh.

Ceist 5

Leathchead: **caoga**

Go mbainfeadh sé an ghaoth as seolta: **Laghdófá muinín duine, trí theacht aniar aduaidh air, b'fhéidir**

Bánú na tuaithe: **An tuath á tréigean ag daoine**

A chur ar a suaimhneas: **go deas réidh, síochánta**

Clampar: **Torann, ruaille buaille, trína chéile**

Ceist 6

Is féidir an rún seo a phlé i ngrúpaí má tá am.

Éimear Ní Chonaola

Tá sé fógartha ag an Aire Comhshaoil Phil Hogan gur cúig euro an táille chlárúcháin a bheidh le híoc¹ ag duine ar bith a chláróidh a gcuid dabhchanna² séarachais idir Mí Aibreáin agus Mí an Mheithimh i mbliana. Leathchéad euro a chosnóidh sé ina dhiaidh sin. Labhair an tAire ag cruinniú poiblí i dTiobraid Árann tráthnóna ar an ábhar agus i Luimneach tá cruinniú eile á eagrú ag grúpa atá ag cur in aghaidh tháillí nua an rialtais. Díreach sular tháinig³ muid ar an aer, labhair mé lenár dtuaisceoir Tomás Ó Mainnín i Luimneach agus d'fhiafraigh mé de⁴ céard iad na hathruithe atá beartaithe ag an Aire.

Tomás Ó Mainnín

Sea, tá an tAire ag caint i dTiobraid Árann anocht, áit a⁵ bhfuil sé ag tabhairt eolais ar cad iad na hathruithe atá beartaithe aige ar na dabhcha séarachais agus na táillí a bheifear ag gearradh orthu. Bhí sé molta go mbeadh táille de chaoga euro ar gach aon dabhach séarachais a bheadh le clárú, ach tráthnóna tá an tAire tar éis a rá go laghdófar é sin go dtí cúig euro dóibh sin a chláróidh a ndabhcha séarachais luath. Beidh tréimhse acu é sin a dhéanamh ón Aibreán go dtí an Meitheamh seo chugainn, tréimhse trí mhí chun a ndabhach séarachais a chlárú in am agus luath, deir sé. Is é an spriocdháta dóibh ar fad a bheith cláraithe ná an Márta seo chugainn ach aon duine a chláróidh sa tréimhse ghearr sin idir an Aibreán agus an Meitheamh ní bheidh orthu ach táille cúig euro a íoc.⁶

Dúirt an tAire chomh maith gurb iad an comhlacht Uisce Éireann nó Irish Water a bheidh i bhfeighil na ndabhachanna séarachais agus na hathruithe a bheidh le teacht ar chórais uisce agus deir sé go gcruthófar suas le dhá mhíle post anseo.

Éimear Ní Chonaola

Agus, a Thomáis, cé go bhfuil an tAire le heolas a thabhairt ag cruinniú i dTiobraid Árann ar ball beag, tá cruinniú eile ar an ábhar céanna le bheith in Iarthar Luimnigh anocht in aghaidh na dtáillí.

Tomás Ó Mainnín

Sea, tá cruinniú beartaithe i dTeampall an Ghleantáin in Iarthar Luimnigh: faoi bhun uair a chloig nó mar sin a thosóidh sé. Grúpa a thugann Saoránaigh in Aghaidh na dTáillí orthu féin agus iad ag cur i gcoinne na dtáillí seo atá beartaithe ag an Aire ar dhabhcha séarachais agus ar mhuirear teaghlaigh agus go leor rudaí ar an gclár oibre acu anocht maidir le bánú na tuaithe agus poist⁷ á chailliúint agus rudaí mar sin agus Teachtaí Dála agus cuireadh tugtha do Theachtaí Dála ag an gcruinniú. Ach ag labhairt leo tamaillín gearr ó shin bhíodar ag rá, an chuid is mó de na hathruithe seo atá beartaithe ag Phil Hogan, agus dúradar i ndáiríre nárbh⁸ í an táille a bhí ag cur eagla ar dhaoine ach an méid costais a d'fhéadfadh a bheith air má theipeann a ndabhach séarachais an scrúdú nó an caighdeán a bheidh leagtha síos, go bhféadfadh sé idir ceithre mhíle agus seacht míle⁹ euro a chosaint ar dhaoine agus

¹ “le n-íoc” atá sa chaint

² Tá “dabhcha” nó “dabhchanna” inghlactha mar iolra ar “dabhach”.

³ “sula dtáinig” a deirtear

⁴ “dhó” a deirtear

⁵ “go bhfuil” a deirtear

⁶ Ní chríochnaítear an abairt seo.

⁷ “postanna” a deirtear

⁸ “níorbh” a deirtear

⁹ “seacht mhíle” a deirtear

dúradar chomh maith, seachas deireadh a chur leis an gclampar, b'fhéidir rud a bheadh súil ag an Aire tar éis an fhógra¹⁰ seo tráthnóna, go mbainfeadh sé an ghaoth as seolta siúd atá ag cur i gcoinne na dtáillí. Dúirt siadsan atá ag eagrú chruinniú na hoíche anocht go léiríonn sé seo, b'fhéidir, go bhfuil ag éirí le feachtas an phobail in aghaidh na dtáillí seo agus seachas iad a chur ar a suaimhneas agus deireadh a chur leis an gclampar, deir siad mura ndíreoidh siad ar an bhfeachtas nó más féidir é, an tAire agus a mholtaí a chúlú ar fad.

¹⁰ an fógra a deirtear